

Tráthnóinín Ó Dé Domhnaigh

1

Tráthnóinín ó Dé Domhnaigh sea dearnadh orm mo chreach,
Mo stór a bheith dhá pósadh orm 's gan oiread is fiú mo chead,
Sínte i gcónra ní bheadh brón orm ach mé bheith a' comhrá leat,
Is nach ró-dheas mar a sheolfainnse na gamhna romhat amach.

2

Tá triúr ban óg sa mbaile seo chomh deas is atá le fáil,
Tá teach is talamh ag beirt acub agus airgead le fáil,
Ach an bhean is deise ar fad acu níl tada aici le fáil,
Is a Rí na bhFeart cén taobh dhíom a leagfas mé mo láimh?

3

Tá teach caol fada i lár an bhaile 'a gcónaíonn grá mo chléibh,
Tá a grua thrí lasadh 's a cúl caol casta cóirith' amach dá réir,
Níorbh fhada liom an tseachtain úd a mbeinn ag comhrá lena béal,
Is a stór mo chroí ná ceill orm mara bhfuil tú liom dá réir.

4

Is d'eitigh mé bean airgid is d'eitigh mé bean óir,
Is d'eitigh mé 'na dhiaidh sin bean bhúclaí buí na mbróg,
Ar shúil go mbeadh mo chailín deas in éindí liomsa fós,
Mar 'sí an chéad bhean í ar lig mé lei mo rún is mé go hóg.

5

Anois ar theacht an tSamhraidh beidh bean aige le fáil,
A nífeas a chuid éadaí dhó is a fhuinfeas a chuid aráin,
'Sí an péarla í atá breá gléigeal ó chích go cois 's go láimh,
'Sé mo léan gan mé faoi shléibhte léi is cead éada ag Feara Fáil.

Antaine Ó Faracháin a rinne an cheardlann seo.